Géarchéim Eacnamaíochta

Ceist 1: Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin ngéarchéim eacnamaíochta atá in Éirinn faoi láthair.
Sula bhféachann tú ar an tuairisc, déan na ceisteanna seo a phlé leis an duine an aice leat.

Cén tionchar a bheidh ag an ngéarchéim eacnamaíochta ortsa?
An bhfuil an Rialtas ag déileáil go maith leis dar leat?
Céard é réiteach na faidhbe i do thuairim?

Ceist 2: Féach ar an tuairisc anois agus déan iarracht leagan Gaeilge de na focail seo thíos a aimsiú inti.
Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine atá in aice leat.

Economists_____
Cut Backs_____
Expenditure_____
Economic Crisis_____
Public Service_____
Conference_____
Sector_____
Deficit_____
Taxes_____
International_____

Ceist 3: Anois féach ar an tuairisc don dara huair agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú.
Ansin pléigh na freagraí leis an duine atá in aice leat.

1) Cén fáth go gcaithfidh an Rialtas ciorruithe a dhéanamh i ngach uile réimse caiteachais, dar leis na heacnamaithe?
2) Cé mhéad de chiorruithe atá luaite leis an tseirbhís phoiblí?
3) Tá daoine ag moladh go gcaithfidís tabhairt faoin deacracht ó gach taobh. Céard a chiallaíonn sé sin?
4) Cé chomh fada is a leanfaidh an ghéarchéim ar aghaidh?

Ceist 4: **'Dúradh** ag comhdháil eacnamaíochta inniu'
Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis seo?
Bain triail as na samplaí seo a leanas

1. (Bris) an fhuinneog go moch ar maidin.
2. (Dún) an doras ach níl a fhios againn cé a rinne é.
3. (Ceannaigh) bainne sa siopa ag bun an bhóthair.
4. (Glan) an teach ó bhun go barr.
5. (Fiosraigh)an scéal go mion.
6. (Fógair) an nuacht ar an raidió ar maidin.
7. (Fostaigh) deichniúr sa mhonarcha nua ar an mbaile.
8. (Glaoigh) ar na Gardaí ag leathuair tar éis a deich aréir.

Ceist 5: Anois le dul siar ar an méid atá déanta agat, an féidir leat na bearnaí thíos a líonadh leis na focail atá idir lúibíní

Deir _____ go gcaithfidh an Rialtas ciorruithe a dhéanamh i ngach uile réimse _____ má tá an tír le teacht slán as an ngéarchéim _____. Deir siad go bhféadfadh an ghéarchéim leanúint ar aghaidh go dtí 2010 ar an laghad agus nach leor ciorruithe pá sa tseirbhís _____ leis an scéal seo a réiteach. Tá tuairisc ag Sorcha Ní Riada.

Sorcha Ní Riada
Dúradh ag _____ eacnamaíochta inniu nach réiteofar na fadhbanna eacnamaíochta trí chiorruithe pá de _____ na Gardaí seo agus de dhaoine eile atá ag obair sa tseirbhís phoiblí. Má éiríonn leo ciorruithe 10% atá luaite leis an earnáil seo a chur i _____, ní bheidh ansin ach sábháil de dhá mhilliún Euro. Beidh gá le i bhfad níos mó ná sin le rudaí a chur ina _____ arís.

(Phoiblí, Comhdháil, Eacnamaíochta, Caiteachais, Leithéidí, Eacnamaithe, Cheart, Bhfeidhm)

Ceist 6: Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa
An gceapann tú go rachaidh daoine óga ar imirce anois de bharr na heacnamaíochta? Má théann cén áit gur féidir leo dul?
An bhfuil mórán dóchais ann do mhic léinn ollscoile?